2025/1442

21.7.2025

TREOIR (AE) 2025/1442 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Iúil 2025

lena leasaítear Treoir 2006/111/CE a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí tuairiscithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 106(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2006/111/CE ([1]) ón gCoimisiún, rialaítear trédhearcacht an chaidrimh airgeadais idir gnóthais phoiblí agus ceanglaítear ar na Ballstáit trédhearcacht na gcistí poiblí a chuirtear ar fáil do ghnóthais den sórt sin a áirithiú. I ndáil leis sin, le hAirteagal 8 den Treoir sin, ceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis airgeadais áirithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil maidir lena ngnóthais phoiblí a oibríonn san earnáil monaraíochta agus a bhfuil láimhdeachas os cionn EUR 250 milliún don bhliain airgeadais is déanaí acu.

(2) Thairis sin, faoi Airteagal 6(1) de Threoir 2006/111/CE, ceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis maidir leis an gcaidreamh airgeadais idir údaráis phoiblí agus gnóthais phoiblí a choimeád ar fáil don Choimisiún ar feadh 5 bliana ó dheireadh na bliana airgeadais inar cuireadh na cistí poiblí ar fáil do ghnóthais phoiblí.

(3) Tá ceanglais tuairiscithe fíor-riachtanach chun a áirithiú go bhforfheidhmítear an reachtaíocht i gceart, ach ba cheart iad a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonann siad an cuspóir atá beartaithe dóibh agus nach gcruthaíonn siad ualach riaracháin iomarcach. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Eoraip níos simplí agus níos tapúla' ([2]), leagtar síos sprioc chun ualaí riaracháin ar ghnólachtaí agus ar riaracháin a laghdú 25 %, rud a chuireann leis an sprioc an t-ualach rialála a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais a laghdú.

(4) Leis an oibleagáid tuairiscithe faoi Airteagal 8 de Threoir 2006/111/CE, cuirtear ualach riaracháin díréireach ar riaracháin náisiúnta agus ar ghnóthais phoiblí atá faoi réir na n-oibleagáidí sin. Ba cheart, dá bhrí sin, é a scriosadh i gcomhréir le sprioc an Choimisiúin ualaí riaracháin a laghdú 25 % ar a laghad.

(5) Le scrios Airteagal 8 de Threoir 2006/111/CE, ceadaítear do na Ballstáit aisghairm a dhéanamh ar aon bheart trasuite a glacadh ina ndlíthe, ina rialacháin nó ina bhforálacha riaracháin.

(6) Ba cheart Airteagal 2, pointe (c), de Threoir 2006/111/CE, lena sainmhínítear gnóthais phoiblí atá ag oibriú san earnáil monaraíochta, a scriosadh in éineacht le hAirteagal 8 ós rud é go n-úsáidtear an sainmhíniú sin chun críocha Airteagal 8 agus chun na gcríoch sin amháin.

(7) Ceanglaítear le hAirteagal 9 de Threoir 2006/111/CE ar an gCoimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas go rialta faoi thorthaí chur i bhfeidhm na Treorach sin. Ós rud é nach mbailíonn an Coimisiún faisnéis go córasach maidir le cur i bhfeidhm na Treorach sa bhreis ar an bhfaisnéis atá le soláthar faoi Airteagal 8, leanann sé nach bhfuil údar leis an gceanglas faisnéise sin a thuilleadh. Ba cheart Airteagal 9 a scriosadh freisin.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2006/111/CE a leasú dá réir,

([1]) Treoir 2006/111/CE ón gCoimisiún an 16 Samhain 2006 maidir le trédhearcacht an chaidrimh airgeadais idir na Ballstáit agus gnóthais phoiblí agus chomh maith leis sin maidir le trédhearcacht airgeadais laistigh de ghnóthais áirithe (IO L 318, 17.11.2006, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/111/oj).

([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú*, COM/2025/47 final (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex:52025DC0047).

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Scriostar Airteagal 2, pointe (c), agus Airteagail 8 agus 9 de Threoir 2006/111/CE.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN